Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 38

# Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus maidir le seirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €2.221 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas iad seo a leanas:

**Íocaíochtaí don FSS**

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig an FSS maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe a leagtar amach sa Litir Chinnidh a eisítear chuig an FSS, ag leagan amach a leibhéal faofa maoinithe. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh don FSS in aghaidh na bhfo-cheannteideal ábhartha. Ba é luach an mhaoinithe dheontais a íocadh don FSS i 2016 ná €13.92 billiún (2015: €13.13 billiún). Mínítear seo thar 17 fho-cheannteideal – gach fo-cheannteideal ó H go L4, gan L1 a chur san áireamh, a bhaineann le caiteachas caipitil na Roinne. Aicmíonn cuid de na fo-cheannteidil seo caiteachas ar bhonn tíreolaíoch seachas ar bhonn cláir.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chomhlíonann an fheidhm párolla agus an fheidhm acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freisin agus tá freagracht air as oibriú na rialaithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte próiseas iniúchóireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a chur ar fáil maidir le hoibriú na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Aistríodh an Roinn chuig seirbhís PeoplePoint i Lúnasa 2013 agus chuig an gComhsheirbhís Phárolla ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2016. Déanann gnólachtaí cuntasóirí na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Náisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402). I s é aidhm an Chaighdeáin sin ná tuairisc a thabhairt do ranna is úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí ar na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsítear sna hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialaithe gaolmhara a shainaithint agus chun anailís ar bhearnaí a chur ar fáil, (ii) tuairisc ar dhearadh na rialaithe agus ar iad a bheith ann, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu a d’oibrigh na rialaithe go héifeachtach nó nár oibrigh.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte litir ar fáil dom ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta ar an bpróiseas dearbhaithe iniúchta a chur chun feidhme agus ar thorthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, ar eiseadh agus ar oibriú na rialaithe a meastar go dtabharfar tuairisc orthu dom, mar atá leagtha amach sa litir sin.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte de réir mar a thugann an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte tuairisc dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- is ann do Choiste Iniúchóireachta a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha.
- Córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí agus go n-oibríonn an fheidhm sin de réir cairt scríofa atá faofa agam. Bíonn obair na feidhme iniúchóireachta bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Roinn neamhchosanta orthu. Bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí arna gceadú agam bunaithe ar an anailís sin freisin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

31 Márta 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san cuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fháltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Sláinte. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn as iniúchadh**

Tagraíonn Caibidil 19 i mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 38, Sláinte.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2017

# Vóta 38 Sláinte
# Cuntas Leithreasa 2016

| Seirbhís | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | 26,962 | 23,562 | 22,477 |
| A.2 | Taisteal agus cothabháil | 654 | 375 | 349 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,150 | 881 | 766 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 730 | 343 | 378 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 2,323 | 1,742 | 1,669 |
| A.6 | Speansais ar áitreabh oifige | 700 | 411 | 576 |
| A.7 | Seirbhísí sainchomhairle agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartas | 2,250 | 705 | 814 |
| **Deontais** | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais eile taighde | 38,000 | 34,763 | 34,566 |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí cosúla eile (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| B.3 | Tionscnamh drugaí | 6,026 | 5,806 | 6,347 |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| C. | Speansais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | 3,100 | 2,635 | 2,590 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha agus socruithe dlí ilghnéitheacha | 16,093 | 15,494 | 38,261 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | 61,942 | 52,200 | 49,956 |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 5,236 | 5,236 | 5,474 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 5,100 | 5,100 | 5,100 |
| E.4 | INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | 100 | — | 1,020 |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | 745 | 406 | 386 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine ar éiligh go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | 24,786 | 18,400 | 17,800 |
| F.4 | Íocaíochtaí le cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | 3,849 | 3,000 | 2,949 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | 2,513 | 1,948 | 1,111 |
| **Caiteachas Riaracháin Chorparáidigh** | | | | |
| H. | Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | 90,000 | 99,030 | 92,168 |
| **Réigiúin FSS agus Gníomhaireachtaí Eile Sláinte** | | | | |
| I.1 | FSS - Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Laighean Láir | 1,441,353 | 1,435,278 | 1,337,688 |
| I.2 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | 1,288,575 | 1,282,842 | 1,191,068 |
| I.3 | FSS – Réigiún an Deiscirt | 2,000,157 | 1,991,745 | 1,881,036 |
| I.4 | FSS – Réigiún an Iarthair | 2,215,862 | 2,207,720 | 2,092,827 |
| I.5 | Deontais i leith comhlachtaí áirithe eile sláinte, lena n-áirítear boird ospidéil dheonaigh agus comhbhoird ospidéil | 2,313,517 | 2,398,827 | 2,296,934 |

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí Eile FSS** | | | | |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 4,255 | 4,289 |
| J.2 | Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | 2,000 | 650 | 1,670 |
| J.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais | 1,500 | 1,747 | — |
| J.4 | Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse | 87,000 | 70,000 | 40,000 |
| J.5 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 198,000 | 228,911 | 205,227 |
| J.6 | Seirbhísí do dhaoine faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | 2,700 | 1,276 | 1,915 |
| **An Clár Cúraim** | | | | |
| K.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil agus scéimeanna arna dtreorú ag an éileamh ón bpobal | 2,799,402 | 2,761,633 | 2,617,877 |
| K.2 | Cúram cónaithe fadtéarmach | 939,902 | 921,656 | 895,300 |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí Caipitil** | | | | |
| L.1 | Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC ar áireamh) | 14,527 | 11,169 | 11,148 |
| L.2 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte agus na saoráidí ardoideachais | 341,461 | 351,220 | 319,834 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| L.4 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | 157,700 | 160,429 | 153,353 |
| | **Ollchaiteachas** | **14,109,254** | **14,107,220** | **13,340,748** |
| | *Bain as* | | | |
| M | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **460,221** | **460,408** | **527,975** |
| | **Glanchaiteachas** | **13,649,033** | **13,646,812** | **12,812,773** |

**Barrachas lena ghéilleadh**

Dlitear barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas lena ghéilleadh | 2,221,193 | 8,427,346 |
| **Iomlán** | **2,221,193** | **8,427,346** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 28,019 | 27,029 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 14,079,201 | 13,313,719 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,107,220** | **13,340,748** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **460,408** | **527,975** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,646,812** | **12,812,773** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (197) | | |
| Dímheas | 167 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| | | (24) | 15 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (46) | | |
| Méadú ar stoc | (20) | | |
| | | (66) | 10,660 |
| **Caiteachas díreach** | | **13,646,722** | **12,823,448** |
| **Caiteachas a iompraíodh áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,619 | 9,383 |
| Measchíosanna | | 2,004 | 2,004 |
| **Glanchostas clár** | | **13,658,345** | **12,834,835** |

#### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a iompraíodh áit eile i ndáil le Vóta 38.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 167 | 167 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | m | 7,696 | 7,486 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,472 | 1,466 |
| Lárchiste – pinsin Airí | m | 284 | 264 |
| | | **9,619** | **9,383** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **623** | **590** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 91 | 71 |
| Réamhíocaíochtaí | | 167 | 259 |
| Ioncam fabhraithe | | 128 | 156 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 19,595 | 7,546 |
| Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite | 2.7 | 5,481 | 18,534 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **25,462** | **26,566** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 440 | 606 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 475 | 274 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 24,601 | 25,806 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **25,516** | **26,686** |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha** | | **(54)** | **(120)** |
| **Glansócmhainní** | | **569** | **470** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **569** | **470** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **2016**<br>**€000** | **2016**<br>**€000** | **2015**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | | **470** | **11,133** |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas* | 13,649,033 | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas* | (2,221) | | |
| Glanvóta | | | 13,646,812 | 12,812,773 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh áit eile | 1 | | 9,619 | 9,383 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos | 1 | | 2,004 | 2,004 |
| Mír eile neamhairgid – fabhrú caipitil | | | 9 | 12 |
| Glanchostas clár | 1 | | (13,658,345) | (12,834,835) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **569** | **470** |

**Nóta: tagraíonn "Cuntas" don Chuntas Leithreasa*

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 2,304 | 1,956 | 4,260 |
| Breiseanna | 182 | 24 | 206 |
| Diúscairtí | (222) | (8) | (230) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 2,264 | 1,972 | 4,236 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 1,767 | 1,903 | 3,670 |
| Dímheas don bhliain | 116 | 51 | 167 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (216) | (8) | (224) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 1,667 | 1,946 | 3,613 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **597** | **26** | **623** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **537** | **53** | **590** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | (24,601) | (25,807) |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | — | 1 |
| | (24,601) | (25,806) |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 20 | 20 |
| Tomhaltáin TF | 71 | 51 |
| | 91 | 71 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Tuarastail in-aisghafa | 30 | 76 |
| Caiteachas taistil in-aisghafa | 5 | 8 |
| Caiteachas in-aisghafa na scéime pas taistil | 152 | 135 |
| Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C | 18,001 | 4,175 |
| Airgead tirim FSS rótharraingthe | 1,388 | (789) |
| Míreanna dochair eile sa chuntas fionraí | 19 | 3,941 |
| | 19,595 | 7,546 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | — | (3) |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 37 | 96 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 16 |
| | 38 | 109 |
| | | |
| Míreanna sochair eile sa chuntas fionraí | 437 | 165 |
| | 475 | 274 |

| **2.7 Glanmhaoiniú a bhí dlite ón Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachais leithreasaí lena ngéilleadh | 2,221 | 8,427 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (7,702) | (26,961) |
| Glanmhaoiniú a bhí dlite ón Státchiste | (5,481) | (18,534) |
| | | |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: míreanna fionraí | 19,595 | 8,335 |
| | 19,595 | 8,335 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (38) | (109) |
| Banc agus airgead tirim | (24,601) | (26,595) |
| Iarmhéideanna sochair: míreanna fionraí | (437) | (165) |
| | (25,076) | (26,869) |
| | | |
| | (5,481) | (18,534) |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Ceannach earraí agus seirbhísí | 1,067 | 977 |
| Cláir dheontais | 5,614 | 5,614 |
| Cláir dheontais chaipitil | 28,789 | 38,801 |
| Iomlán na gceangaltas a bhí infhorfheidhmithe le dlí | 35,470 | 45,392 |

| **b) Cláir Dheontais Chaipitil** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 38,801 | 38,610 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (10,012) | (10,077) |
| Ceangaltais deontais nua | — | 10,268 |
| Iarmhéid deiridh | 28,789 | 38,801 |

**c) Mórcheangaltais Chaipitil**

**Nóta:** Taispeántar tionscadail aonair chaipitil ina bhfuil caiteachas iomlán de €6,350,000 nó níos mó i gceist ar leithligh i gclár na gceangaltas ilbhliantúil caipitil.

| | **Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2015** | **Caiteachas sa bhliain 2016** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2016** | **Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Saoráidí Taighde Chliniciúil an Bhoird Taighde Sláinte:** | | | | | |
| Ospidéal San Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath | 10,376 | 888 | 1,657 | 12,921 | 12,813 |
| Iomlán | 10,376 | 888 | 1,657 | 12,921 | 12,813 |

## 3 Difríochtaí Caiteachais de réir Fo-cheannteidil

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-cheannteideal caiteachais i gcás go raibh an toradh a bhain leo breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh agus go raibh sé breis is 5% níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh (25% i gcás fo-cheannteideal riaracháin). Is ann do ghéilliúint iomlán; rinneadh freastal ar an bhfarasbarr chaiteachais ar chuid de na fo-cheannteidil trí virement coigiltis ar roinnt fo-cheannteidil eile.

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|---|
| | | €000 | |
| Taisteal agus cothabháil | A.2 | 279 | Bhí an caiteachas ar thaisteal níos lú ná a measadh, rud a bhí inchurtha go páirteach i leith folúntais foirne agus i leith moilleanna ar phearsanra a earcú. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | A.4 | 387 | Tháinig na coigiltí as costas laghdaitheach na muirear teileafóin. |
| Speansais ar áitreabh oifige | A.6 | 289 | D´eascair an coigilteas mar gheall ar chaiteachas laghdaithe ar chothabháil fhoirgneamh ag feitheamh le hathlonnú na Roinne. |
| Seirbhísí sainchomhairle agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartas | A.7 | 1,545 | Bhí an coigilteas mar thoradh ar mhoill maidir le tosú agus le cur i gcrích roinnt tionscadal agus mar gheall ar úsáid acmhainní Aonad nua Seirbhíse Taighde na Roinne. |
| Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais eile taighde | B.1 | 3,237 | Caitheadh €34.763 milliún ar thaighde ó leithdháileadh dar luach €38 milliún. Tháinig an choigilt go príomha as soláthar gan úsáid le haghaidh na chéad chéime eile de Staidéar Fadama na hÉireann um Aosú (TILDA) ar cuireadh an tosú siar go 2017. |
| Speansais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | C. | 465 | Rinneadh soláthar breise san fho-cheannteideal chun freastal ar luaineachtaí malairte airgeadra a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le híocaíocht an tsíntiúis bhliantúil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Mar a tharla, ba lú na luaineachtaí a tháinig chun cinn ná iad sin a ndearnadh soláthar dóibh. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | E.1 | 9,742 | Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas chuig an leibhéal faofa nó chuig an leibhéal iarbhír caiteachais, cibé acu is lú suim. Bhí an caiteachas iarbhír níos lú ná mar a ndearnadh buiséadú lena aghaidh i gcás roinnt gníomhaireachtaí. Bhí an caiteachas a rinneadh ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (€0.808 milliún), ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte (€0.724 milliún), agus ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (€0.174 milliún) níos lú ná mar a ndearnadh buiséadú dó go príomha ós rud é nár líonadh roinnt post athsholáthair le linn na bliana. D´eascair coigilteas i gComhairle na nGairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (€0.163 milliún) agus sa Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil (€0.066 milliún), go príomha de thoradh ar fháltais mhéadaithe ó tháillí clárúcháin. |
| | | | Faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún soláthraíodh €3.2 milliún chun costais aon uaire fhorbartha nó costais eisceachtúla a mhaoiniú i BACÉ a bhain le hobair bhreise a theastaigh chun gach alt d'Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach 2011 a chur i bhfeidhm go hiomlán, a luaithe is atá na costais dlisteanaithe agus deimhnithe i gceart. Go dtí seo, níor eascair an suíomh seo fós; táthar ag súil leis go dtarlóidh sin i 2018. |
| | | | Rinne an bunmheastachán soláthar do chaiteachas de €1 milliún ar thionscadail maidir le Líonra Galair Chroí Uile-Éireann agus maidir leis an liosta feithimh cairdiach do leanaí. Aistríodh an maoiniú ó E1 go (fo-cheannteideal FSS I5) agus léiríodh sin sa mhéadú i gcinntiúchán na FSS ar 22 Nollaig 2016. |
| | | | Bhí san áireamh i meastachán 2016 soláthar do chaiteachas ar luach €0.7 milliún do chur i bhfeidhm Threoir nua an AE um Tháirgí Tobac 2014/40/EU. Ní dheachthas ar aghaidh leis an reachtaíocht faoi mar a bhí beartaithe le linn na bliana. |
| INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | E.4 | 100 | Is é an Comhlacht um Chláir Speisialta AE a iarrann íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo. Bíonn na híocaíochtaí sin bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a rinneadh le tionscadail faoin Scéim. De bharr chineál chlár INTERREG, bíonn sé doiligh uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú tionscadail a thuar, go háirithe i gcás gur gá ceisteanna a réiteach le linn an phróisis fíorúcháin. Bíonn meastacháin bhliantúla faoi réir athrú, mar sin. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | F.1 | 339 | Sa bhliain 2016, lean an Roinn ar aghaidh ag déanamh íocaíochtaí míosúla le hÉireannaigh a tháinig slán as cóireáil tailídimíde. Tá páirt á glacadh ag an Roinn i bpróiseas dlíthiúil idirghabhála atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, rud lena mbaineann dhá dhuine is fiche a tháinig slán as cóireáil tailídimíde agus a thaisc éilimh leis an Ard-Chúirt chun díobháil phearsanta a ghnóthú in aghaidh an Stáit. Tháinig na coigiltí chun cinn mar nach bhfuil an próiseas idirghabhála curtha i gcrích go fóill. |
| Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | F.3 | 6,386 | Níl an Roinn in ann líon ná luach na ndámhachtainí a dhéanfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV a thuar go cruinn faoi láthair. |
| Íocaíochtaí chuig ciste cúitimh bunaithe faoi alt 11 de na hAchtanna um Bhinse Cúitimh i leith heipitítis C 1997 agus 2002 | F.4 | 849 | Níl an Roinn in inmhe tuar cruinn a thabhairt maidir le líon nó luach na n-íocaíochtaí a rinneadh ag an mBinse Cúitimh i leith Heipitítis C agus VEID. Tá íocaíocht Chiste Chúitimh socraithe ag 20% d´íocaíocht an Bhinse Chúitimh. |
| Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | G | 565 | Níor críochnaíodh roinnt tionscadal a bhaineann leis an gclár Éire Shláintiúil agus le tionscadail eile um chur chun cinn agus chosaint na sláinte. |
| Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | H | (9,030) | Ba é €90 milliún an soláthar do chnapshuimeanna pinsin FSS sa bhliain 2016. Gannmheasadh an caiteachas réamh-mheasta faoi €9.03 milliún mar go mbíonn sé doiligh scála na gcnapshuimeanna pinsin agus líon na ndaoine a rachaidh ar scor a thuar go cinnte. |
| Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | J.1 | 3,258 | Ba é €7.5 milliún an soláthar d'Fho-cheannteideal J.1 sa bhliain 2016. Bhí caiteachas an Chrannchuir Náisiúnta níos lú ná a tuaradh mar nach n-íoctar deontas go dtí go bhfuil coinníollacha an deontais comhlíonta. Tagann moilleanna aníos de bharr riachtanas a bhaineann le faisnéis a chur ar fáil, amhail deimhniú imréitigh cánach agus luachana. |
| Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | J.2 | 1,350 | Ba é €2 milliún an soláthar d'Fho-cheannteideal J.2 sa bhliain 2016. De bharr chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo, bíonn sé doiligh uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú a thuar, go háirithe i gcás gur gá ceisteanna a réiteach le linn an phróisis fíorúcháin. Bíonn uainiú na n-íocaíochtaí faoi réir athrú, mar sin. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Íocaíocht le Cuntas Speisialta a bunaíodh faoi alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais | J.3 | (247) | Ba é €1.5 milliún an soláthar d'Fho-cheannteideal J.3 sa bhliain 2016. Gannmheasadh an caiteachas réamh-mheasta faoi €0.25 milliún mar gheall go ndearna arachóirí ceadaithe éilimh dar luach €0.36 milliún sa bhliain 2015 agus nár próiseáladh na héilimh sin lena n-aisghabháil go dtí mí Eanáir 2016. |
| Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse | J.4 | 17,000 | San iomlán, soláthraíodh €35 milliún maidir le feabhsú na seirbhísí agus na n-áiseanna sláinte intinne i 2016. Mar gheall ar mhoill maidir le tosú na bhfeabhsúchán, ag eascairt as ceisteanna maidir le hearcú, ba í luach na suime a caitheadh ná €24.5 milliún. Aistríodh an €10.5 milliún eile laistigh den stiúrthóireacht sláinte intinne chun brúnna a fhuascailt laistigh de na seirbhísí. Aistríodh €7 milliún go fo-cheannteideal na FSS L.2 chun oibreacha caipitil a mhaoiniú i 3 áiseanna sláinte intinne, agus aistríodh €3.5 milliún trasna fo-cheannteidil FSS (I.1-I.4) chun tacú le seirbhísí ar ann dóibh cheana féin i réimse na sláinte intinne.<br><br>Bhí an caiteachas €6.5 milliún níos lú ná mar a réamh-mheasadh, mar gheall ar choigilteas a bhain le cúrsaí ama agus foireann á hearcú maidir le roinnt tionscnamh. Ina measc sin bhí feabhsú na seirbhísí teiripe sa phobal, lena n-áirítear earcú teiripeoirí ceirde, teiripeoirí urlabhra & teanga agus fisiteiripeoirí (€3.5 milliún), costais fhoirne a bhain le hanailís mheascáin ghráid agus fhoirne ar fud na mbardaí faoin scéim phíolótach bhanaltraí (€2 milliún) agus costais mhéadaithe earcaíochta agus fhoirne laistigh den tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (€1 milliún). Aistríodh an maoiniú a bhí ar fáil trasna fo-cheannteidil FSS (I.1-I.4) chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sna réimsí seirbhíse sin ar bhain an maoiniú forbartha leo sa chéad dul síos. |
| Íocaíocht chun na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát | J.5 | (30,911) | Ba é luach an tsoláthair le haghaidh Íocaíocht chun na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (GES) i 2016 ná €198 milliún. Léiríonn an difríocht seo nádúr na scéime GES, ós rud é gur deacair íocaíochtaí móra aonair a thuar. |
| Seirbhísí do dhaoine faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | J.6 | 1,424 | Ba é €2.7 milliún an soláthar d'Fho-cheannteideal J.6 sa bhliain 2016. Rómheasadh an caiteachas réamh-mheasta faoi €1.4 milliún. Tháinig sé sin as an bpróiseas mionsonraithe um maoiniú a cheadú agus a íoc le haghaidh thionscadail na gCuntas Díomhaoin, rud a fhágann go dtarraingítear sciar ar leith den mhaoiniú anuas ag céim an chonartha agus go dtarraingítear an t-iarmhéid anuas tráth níos déanaí. Tá an maoiniú do thionscadail nua sa bhliain 2016 á tharraingt anuas thar thréimhse dhá bhliain. Toisc go raibh moill ann ar na tionscadail sin a thosú sa bhliain 2016, tá cuid mhór den mhaoiniú sin fós le tarraingt anuas sa bhliain 2017. |

| **Cur síos** | **Fo-cheannteideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh**<br><br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|---|
| Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC ar áireamh) | L.1 | 3,358 | Bhain mórchuid den tearc-chaithimh le feistiú oifigí CORU (An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus na Boird Chlárúcháin). Cuireadh moill ar chur i gcrích na ndoiciméad dlí agus bhí éifeacht iarmhartach aige sin ar an bhfeistiú, an TFC san áireamh. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Aisghabháil costas seirbhísí sláinte a soláthraíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh | 280,000 | 277,655 | 342,764 |
| 2. | Fáltais ó dhleachtanna áirithe máil ar tháirgí tobac | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3. | Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialta | 3,000 | 2,829 | 2,831 |
| 4. | Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta | 3,000 | 6,031 | 6,304 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 1 | 185 | 195 |
| 6. | Cuntais dhíomhaoine | 2,700 | 1,275 | 1,915 |
| 7. | Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,915 | 4,828 | 6,361 |
| | **Iomlán** | **460,221** | **460,408** | **527,975** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal i gcás go raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an méid a measadh agus go raibh sé breis is 5% níos mó nó níos lú ná an méid a measadh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a measadh**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialta | 171 | Is deacair an rud é éilimh faoi scéim na seirbhísí oftalmacha a thuar. Is ann d´aga moille maidir le soláthar eolais faoi leibhéal na n-éileamh a eascraíonn. De thoradh air sin, bhí an meastachán do 2016 bunaithe ar leibhéal na n-éileamh a d´eascair i 2015 le soláthar do mhéadú beag. Faoi mar a tharla, níor eascair an méadú réamh-mheasta. |
| Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta | (3,031) | Tá an meastachán do 2016 bunaithe go príomha ar na blianta roimhe seo agus níor chuir sé san áireamh an méadú sa táirgeacht ó bhí 2012 ann. Tá sé beartaithe meastacháin níos cruinne a fhorbairt don fho-cheannteideal caiteachais seo. |
| Fáltais ilghnéitheacha | (184) | Toisc go mbíonn sé doiligh na méideanna a bhíonn dlite in aon bhliain a thuar, cuirtear méid ainmniúil €1,000 san áireamh sa mheastachán. I measc na bhfáltas a bhí ann sa bhliain 2016, bhí fáltais i leith táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, aisíocaíochtaí a bhain le maoiniú Tionscnaimh Dhrugaí nár caitheadh é, agus íocaíochtaí ó scéimeanna pinsean. |
| Cuntais dhíomhaoine | 1,425 | Bíonn an maoiniú a fhaightear ó Chuntais Dhíomhaoine bunaithe ar an méid a íoctar faoi Fho-cheannteideal J.6 le linn na bliana. |
| Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | (913) | Bíonn sé doiligh meastachán a thabhairt ar an méid atá dlite don Roinn ó ghníomhaireachtaí sláinte i dtaca leis an asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair sa tseirbhís phoiblí toisc go mbíonn sé ag brath ar an líon fostaithe atá ann san earnáil phoiblí agus ar an bpá atá dlite do na fostaithe sin ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann. Is féidir leis an dá thoisc sin bheith éagsúil. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

Is le baill foirne na Roinne Sláinte amháin a bhaineann na sonraí pá agus liúntais agus na sonraí eile luach saothair atá tugtha i Nóta 5. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí ar fáil sna tuarascálacha bliantúla iomchuí. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó na gníomhaireachtaí féin freisin. Iarradh ar na gníomhaireachtaí an fhaisnéis sin a thabhairt ar a suíomh gréasáin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| Roinn | 400 | 341 |
| Gníomhaireachtaí | | |
| Daoine atá fostaithe go díreach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 70,928 | 68,771 |
| Fostaithe de chuid seirbhísí deonacha géarchúraim agus seirbhísí deonacha eile (Alt 38) | 39,331 | 37,624 |
| | 110,258 | 106,395 |
| Gníomhaireachtaí eile | 1,563 | 1,522 |
| | **112,221** | **108,258** |

Tá san áireamh i ngníomhaireachtaí eile gach gníomhaireacht a bhíonn ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne, iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach státchiste san áireamh.

Pá na roinne

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 22,133 | 21,184 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 141 | 122 |
| Liúntais eile | 2 | 1 |
| Ragobair | 116 | 136 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,170 | 1,034 |
| **Pá iomlán** | **23,562** | **22,477** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 20 | 4 | 16,653 | 16,817 |
| Liúntais eile | 15 | — | 407 | 350 |
| Ragobair | 36 | 5 | 14,506 | 21,816 |
| Tuarastal breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 5 | 20,399 | 23,670 |

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoileadh dar luach iomlán €104,670 le triúr ball foirne sa bhliain 2016.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí tuarastail agus €39,837 (10 gcás) ag deireadh na bliana 2015. B'ionann iad agus €34,910 (8 gcás) ag deireadh na bliana 2016. Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ngach cás.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta**

| Fo-cheannteideal | Cur síos | 2016 Meastachán €000 | 2016 Toradh €000 | 2015 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí cosúla eile (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 4,255 | 4,289 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,539 | 2,539 | 2,539 |

Faoi fho-cheannteideal B.2, íocadh méid iomlán €3.286 milliún le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí cosúla eile. Tá sonraí faoin maoiniú a íocadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.health.gov.ie.

| **6.2 Costais Dlí** | **Iomlán** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| **Cúiteamh agus costais dlí a dámhadh** | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Éilimh ó bhaill den phobal[1] | 14,655 | 37,718 |
| | **14,655** | **37,718** |

[1]Níor nocht an Roinn anailís ar na costais iomlána faoi mar a éilítear ag ciorclán RCPA 29/2016 ós rud é go gcreideann an Roinn go ndéanann a leithéid de nochtadh dochar do thoradh cásanna atá ag dul ar aghaidh.

**6.3 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Roinn páirteach i roinnt éileamh lena mbaineann imeachtaí dlí agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

**6.4 An tSainscéim Infheistíochta Obstatraice**

Sa bhliain 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Sainscéim Slánaíochta Obstatraice. Faoin scéim, thoiligh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Chnoc Chairméal a shlánú maidir le héilimh shonraithe chnáimhseacha. Bunaíodh Ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann um Chosaint Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íoctar éilimh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát de réir mar a eascraíonn siad. Tugann an tAire Sláinte údarás don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gCiste chun freastal ar chostas na n-éileamh sin. Ag 31 Nollaig 2016, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €5.119 milliún. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an Ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

**6.5 Ús Íocaíochta Déanaí agus Íocaíochtaí Cúitimh**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | 2 | 4 |